

CCN 10

Tuarascáil ón gComhairle um an gCartlann Náisiúnta 2001



An Chartlann Náisiúnta

him into a chocolate soldier with the grandiloquent label of Commander-  
in-Chief. He urged Collins to get into uniform, to show himself off, but

# CCN 10

An 10ú Tuarascáil ón gComhairle um an gCartlann Náisiúnta 2001

## AS IASCAIREACT



TÁ TRIÚR PÁISTÍ 'NA SEASAM SA ADBAINN.

NÍL STOCAÍ NÁ BRÓZA ORDA, TÁ SIAD COS-  
NOCTUIZTE. IS MAIC LEO É SIN.

SIN É A N-ACAIR ATÁ SUIÖTE AN ÆRUAÇ NA  
HADANN I N-AICE AN DROIÇID.

TÁ SLAT IASCAIZ AISE, ASUS TÁ LIONTÁN AS AN  
MBUAÇAILL. TÁ SIAD AS IASCAIREACT.

FÉAC AN CRÜISCÍN ATÁ AS AN ZCAILÍN. TÁ ÉISC  
ÆAZA ANN, ASUS TÁ SÉ LÁN D'UISCE CUN  
IAD A COIMEAD BEO.

## AM AN LÓIN



féac an buacail measc na n-éan.

féacóza an cuid is mó aca.

Tá an buacail an-mór leis na héanaib  
agus ní bíonn easla ortá roimis.

Ṣac lá, tar éis a lóin, tagann an buacail  
mar a mbíonn na féacóza.

bíonn an mias mór ṡorm ar an dtalam  
agus bíod i ṡcomair na n-éan innici.

Suidéann an buacail mar sin as faire ar  
na héanaib, agus labhrann sé leo.

**An 10ú Tuarascáil ón gComhairle um an gCartlann Náisiúnta 2001**

© Rialtas na hÉireann

ISSN : 0791-4601

Pn : 12347

Arna chur faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán agus arna leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas de réir Alt 21 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.

*Arna fhóilsíú ag:*

An Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta, 2006

*Tá cóipeanna ar fáil ó:*

An Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta,  
Íoch An Chartlann Náisiúnta, Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath 8, Éire.

Teil : +353-1-4072300

Facs : +353-1-4072333

Ríomhphost : mail@nationalarchives.ie

Tá téacs na tuarascála seo ar fáil ar láithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta freisin ag : <http://www.nationalarchives.ie>

*Arna dhearadh ag:*

Ger Garland

*Arna chlóbhualadh ag:*

Nicholson and Bass

**CLÚDACH TOSAIGH**

**999/846:**

**Suirbhé ar Eastát  
James Molony, Uasal,  
Contae an Chláir,  
William Stokes, 1837.**

# CLÁR

AN OBAIR 2001	7
1. Cruinnithe Comhairle	8
2. Plean Straitéiseach	8
3. Cruinniú leis an Rúnaí Ginearálta	8
4. Cruinniú leis an gComhairle Oidhreachta	9
5. Cruinniú leis an gCartlann Mhíleata	9
6. An Chomhairle, Oifig Thaifid Phoiblí Thuaisceart Éireann	10
7. Lord Chancellor's Advisory Council on Public Records (R.A.)	10
8. Cruinniú leis na Coimisinéirí Ioncaim	10
NA CÚIG BLIANA SEO CAITE : FORLÉARGAS	10
•An Chartlann Náisiúnta: Áitreabh	11
•An Chartlann Náisiúnta: Acmhainní Daonna	12
•An Chartlann Náisiúnta: Seirbhísí Léitheora	12
•An Chartlann Náisiúnta: Leasú Reachtaíochta	13
•Taifid chomhlachtaí nach Ranna Stáit iad	14
•Cartlanna Údarás Áitiúil	15
•Ginearálta	15
AGUISÍN - COMHALTAS AGUS RÚNAÍ	16
INNÉACS	18


999/846:  
Suirbhé ar Eastát  
James Molony, Uasal,  
Contae an Chláir,  
William Stokes, 1837.



# An Chartlann Náisiúnta



briefly, the answers to some of the letter of March 4th:- The Provisional Government December 6th, 1922 -- a year to the day Collins ceased to be Chairman of the Provisional Government in 1922. This last has to be demonstrated



## AN CHOMHAIRLE UM AN gCARTLANN NÁISIÚNTA 10ú Tuarascáil, 2001

Seo í an tuarascáil dheireanach ón gComhairle atá ann faoi láthair. Sa chás sin, measann an Chomhairle gur cheart, ní hamháin tuairisc a thabhairt ar an obair le bliain anuas ach, chomh maith leis sin, srachféachaint a thabhairt ar an ré iomlán agus na réimsí beartais arb é a tuairim gur chóir tosáiocht de shaghas éigin a thabhairt dóibh san am atá romhainn a chur in iúl.

## AN OBAIR 2001

Chomh maith leis an ngnáthsceideal cruinnithe ag an gComhairle féin, bhí réimse an-leathan cruinnithe aici i rith na bliana le comhlachtaí eile ag comhlíonadh na ndualgas reachtúil agus mar chuid de chlár seachtrach a bhfuil dáidhm leis caidreamh oibre oiriúnach a bhunú lenár goomhinstiitúidí ar fud an oileáin seo agus sa Bhreatain.



## 1. Cruinnithe Comhairle

**1 Feabhra 2001:** seimineár maidir le planáil straitéiseach faoi stiúir an Uasail Ed Molloy a raibh baill foirne sinsearacha de chuid na Cartlainne Náisiúnta páirteach ann chomh maith.

**1 Márta 2001:** Cruinniú den Chomhairle le moltaí an Uasail Molloy a mheas.

**29 Márta 2001:** Cruinniú den Chomhairle le críoch a chur le Tuarascáil Bhliantúil na bliana roimhe sin.

**19 Meitheamh 2001:** Cruinniú idir an Chomhairle agus Rúnaí Ginearálta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán.

**21 Lúnasa 2001:** Cruinniú den Chomhairle le planáil a dhéanamh don chuinniú idir an Chomhairle agus Comhairle an Phríomhfheidhmeannaigh (agus Leas-Choimeádaí na dTairfead), Oifig Thairfid Phoiblí Thuaisceart Éireann (PRONI).

**28 Lúnasa 2001:** Cruinniú idir an Chomhairle agus Comhairle an Dra Gerry Slater, Príomhfheidhmeannach agus Leas-Choimeádaí na dTairfead, PRONI. Bhí fáiltiú ina dhiaidh sin i halla taispeántais Bhanc na hÉireann ag seoladh teaghlaim ó Thaispeántas Acht na hAontachta.

**18 Meán Fómhair 2001:** Cruinniú den Chomhairle le plé a dhéanamh ar leasuithe a dífheadfaí a chur ar an Acht um Chartlann Náisiúnta 1986.

**23 Deireadh Fómhair 2001:** Cruinniú idir an Chomhairle agus an Ceannfort Victor Laing ón gChartlann Mhíleata agus an fhoireann, ag an gChartlann Mhíleata.

**4 Nollaig 2001:** Cruinniú den Chomhairle le hullmhú don comhchruinniú leis an *Lord Chancellor's Advisory Council on Public Records* ag an *Public Record Office, Kew*.

**13 Nollaig 2001:** Comhchruinniú idir CCN agus an Lord Chancellor's Advisory Council on Public Records, Kew.

## 2. Plean Straitéiseach

Ag cruinniú de chuid na Comhairle i mí Feabhra 2001, bhí seimineár maidir le planáil straitéiseach, ag ar labhair comhchomhairleoir, mar chuid díollphlean an Rialtais próiseas planála straitéise a chur ar bun do gach roinn agus institiúid rialtais. Bhí de thoradh ar an seimineár sin gur soiléiríodh don Chomhairle nach bhfuil aon fheidhmeanna foirne ná bainistíochta aici, agus ó tharla go bhfuil srian reachtúil uirthi nach dtéann níos faide ná ról comhairleach, gur ceist don Chartlann Náisiúnta í féin ceann an phlean straitéisigh. Dá réir sin, tá gach uchtach tugtha ag an gComhairle don Stiúrthóir i gcur i bhfeidhm an tionscnaimh rí-fhiúntaigh seo aige féin agus an fhoireann, agus táthar ullamh le haon tacaíocht, comhairle nó cuidiú is gá a thabhairt don obair sin.

## 3. Cruinniú leis an Rúnaí Ginearálta

Ag cruinniú na Comhairle i mí Mheitheamh 2001, bhí deis aici fáilte a chur roimh Rúnaí Ginearálta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, an tUasal Philip Furlong, ag cruinniú fíorfhíntach, fadréimseach ag ar pléadh gach gné díobair na Comhairle, a cuid struchtúr agus a cuid dualgas reachtúil. Dífháiltigh an Rúnaí Ginearálta roimh thuairimí na Comhairle agus chuir sé in iúl go dtabharfaí san áireamh iad i gcomhthéacs an athbhreithnithe iomláin atá beartaithe maidir leis an reachtaíocht sa réimse seo, an tAcht um Chartlann Náisiúnta 1986 agus an tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 san áireamh. Mhol an Rúnaí Ginearálta go gcuirfeadh an Chomhairle a dearcadh ar na cúrsaí sin le chéile in aighneacht chuig an Roinn agus go bhféadfaí sin a fhoisiú ina dhiaidh sin in éineacht le tuairimí na Roinne air mar phlécháipéis roimh ullmhú na dréachtreachtaíochta riachtanaí.

Tugtar an chéad toradh ón gComhairle ar an gcuireadh sin sa mhír 'An Todhchaí' (thíos). Ní féidir a thabhairt ach creatlach ag an staid seo ár ndóigh. Phléigh an Chomhairle dearcadh na gcomhaltaí maidir le leasuithe a dífheadfaí a dhéanamh ar an Acht um Chartlann Náisiúnta 1986 go háirithe ag an gcruinniú i Meán Fómhair. Tá obair ar aighneacht níos cuimsithí agus níos mine ar siúl agus gan amhras tabharfaidh an Chomhairle atá ag teacht isteach chun críche í. Tá an Chomhairle cinnte go dtiocfaidh an Roinn i gcomhairle leis an gComhairle nua maidir le sonraí aon dréachtreachtaíochta a ullmhaítear.

## 4. Cruinniú leis an gComhairle Oidhreachta

Bhí cruinniú ag fo-choiste de chuid na Comhairle le hionadaithe ón gComhairle Oidhreachta i gCaisleán Átha Cliath i rith mhí an Aibreáin 2001 le haghaidh plé ar cheisteanna tábhachtacha a raibh tuiscint ar ábhar cartlainne mar chuid de bheartas caomhnaithe, ceist na dtaifead i sealbhas phríobháideach, agus taifid reiligi ina measc. Pléadh an cheist maidir le siníú Choinbhinsiún Tábhachtach Cultúir an Aontais Eorapaigh chomh maith.

## 5. Cruinniú leis an gCartlann Mhíleata

I mí Deireadh Fómhair 2001, bhí cruinniú ag an gComhairle le Stiúrtóir na Cartlainne Míleata an Ceannfort Victor Laing sa Chartlann Mhíleata i nDún Chathail Bhrugha, Ráth Maoinis, Baile Átha Cliath. Tugadh tuairisc don Chomhairle ansin ar chúlra, ról agus riachtanais na Cartlainne Míleata agus ba cúis áthais don Chomhairle a lántacaíocht don obair thábhachtach atá á déanamh ag an institiúid náisiúnta thábhachtach sin a chur in iúl. Ba é seo an dara cuairt ag an gComhairle ar an gCartlann Mhíleata (féach 8ú Tuarascáil na Comhairle - 1999). Ag éirí as an gcúirt seo, scríobh an Cathaoirleach chuig Rúnaí Ginearálta na Roinne Cosanta ag iarraidh go gcuirfí sineadh le conarthaí na gcartlannaithe sealadacha a bhí fostaithe le catalógú a dhéanamh ar thaifid Bhiúró na Staire Míleata dífhonn go bhféadfaí an obair thábhachtach sin a thabhairt chun críche.

Is é tuairim na Comhairle go bhfuil seasamh náisiúnta agus go deimhin seasamh idirnáisiúnta mar thaisce taifead bainte amach ag an gCartlann Mhíleata cheana féin agus caidreamh sainiúil idir í agus gach cuid den phobal cosanta. Tá an Chomhairle den tuairim nach é amháin gur gá an leibhéal cuí foirne le cur leis an mbunsraith atá ann cheana féin ach nach mór freisin cinneadh, ag an leibhéal cuí, maidir le dáileadh na n-acmhainní is gá leis an mbailliúchán seo a aistriú go dtí an suíomh nua atá beartaithe dó i nDún Uí Choileáin agus an struchtúr bainistíochta atá ann faoi láthair a choinneáil.



## 6. An Chomhairle, Oifig Thairfid Phoiblí Thuaisceart Éireann

I rith mhí Lúnasa 2001, bhí cruinniú ag an gComhairle i mBaile Átha Cliath le comhaltaí de Chomhairle an Dra Gerry Slater, Príomhtheidhmeannach agus Leas-Choimeádaí na dTairfead ag Oifig Thairfid Phoiblí Thuaisceart Éireann. Bhí fáiltiú ina dhiaidh sin i Halla Taispeántais Bhanc na hÉireann ag seoladh teaghlaim ó Thaispeántas Acht na hAontachta 1800. Díscail an tUasal Michael McGimpsey MLA, Aire i Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta Thuaisceart Éireann, arb é Coimeádaí na dTairfead é freisin, an taispeántas agus difhreagair Cathaoirleach na Comhairle, an Dr Margaret MacCurtain, dá aitheasc ar iarratas ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán.

## 7. Lord Chancellor's Advisory Council on Public Records (R.A.)

I mí na Nollag 2001 ghlac toscaireacht de chuid na Comhairle páirt sa chéad chomhchruinniú riamh leis an Lord Chancellor's Advisory Council on Public Records in Oifig na dTairfead Poiblí i Londain. Ba céim eile é seo i ngné thábhachtach de ré na Comhairle áirithe seo - nascadh cheangal nua le comhlachtaí inchomparáide agus taiscí náisiúnta in áiteanna eile ar fud na n-oileán seo.

Chuir the Right Honourable the Lord Phillips, Master of the Rolls agus cathaoirleach an Lord Chancellor's Advisory Council on Public Records agus Mrs Sarah Tyacke, Coimeádaí na dTairfead Poiblí fáilte fhoirmiúil roimh an toscaireacht. Bhí dhá chur i láthair sna seisiúin oibre. Bhain ceann ón Dr David Thomas ón PRO le cianrochtain ar thairfid; bhain an dara ceann ón Uasal Charles Lysaght ón CCN le tionchar an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997 ar Chartlann Náisiúnta na hÉireann agus le comparáid idir an reachtaíocht Shaoráil Faisnéise sa dá thír. Lean turas ar thaisce Kew ina ndiaidh sin. Tá pleanáil ar siúl faoi láthair do chuairt chomharáíochta ag comhaltaí den Lord Chancellor's Advisory Council go Baile Átha Cliath sa bhliain 2002, rud a shíleann an Chomhairle um an gChartlann Náisiúnta a chuirfidh leis an gcaidreamh idir an dá institiúid, a mhéadóidh ar an gcomhthuiscint eatarthu agus a difhéadfadh bheith ina thús le tionscnaimh thábhachtacha i gcomhar i réimse na cartlannaíochta agus na dtairfead poiblí.

## 8. Cruinniú leis na Coimisinéirí Ioncaim

Bhí cruinniú ag fochoiste le baill difhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim in oifig an Ard-Aighne i Meitheamh 2001 le plé a dhéanamh ar roinnt ceisteanna a eascraíonn ón Scéim Díolúine d'Ealaíontóirí.

## NA CÚIG BLIANA SEO CAITE: FORLEARGAS

Ó ceapadh an Chomhairle seo ar 20 Bealtaine 1997, tá méadú suntasach tagtha ar shuim an phobail i gcaomhnú agus in úsáid chartlann go ginearálta agus méadú dá réir ar an éileamh agus an glaoch a bhíonn ag an bpobal orthu. Is dea-rud é sin: tá meas géar, éirimiúil an phobail ar fhiúntas ábhar cartlainne ina bunchloch ag meas domhain, mórtasach ar stair choiteann an phobail chéanna.

Rinne an Chomhairle cúram ina cuid tuarascálacha bliantúla agus le linn roinnt cruinnithe leis an Aire, béim a chur, ní hé amháin, ar riachtanais fhisiciúla agus eile na Cartlainne Náisiúnta i Sráid an Easpaig ach, chomh maith leis sin, ar cheisteanna reachtaíochta agus beartais eile a thagann faoi chúram an Aire. Táthar sásta maidir leis sin, an meas atá aici ar shuim shoiléir an Aire sa Chomhairle agus ina cuid oibre a chur in iúl chomh maith leis an gcur chuige dearfach atá aici i leith bheartas chartlannaíochta go ginearálta.

Ba cúis áthais don Chomhairle an fhorbairt agus an fás atá tagtha ar chomhoibriú idir an Chartlann Náisiúnta agus roinnt institiúidí eile a gcuireann a gcuid oibre le hobair na Cartlainne Náisiúnta féin. Ag an leibhéal náisiúnta is institiúidí ar nós na Leabharlainne Náisiúnta agus na Cartlainne Mileata is mó atá san áireamh ansin; bhí buntáiste nach beag do chaon institiúid ón gceangal leis an dara institiúid sin go háirithe agus bhí ról tábhachtach ag foireann na Cartlainne Náisiúnta i bhforbairt phlean straitéisigh don institiúid fhorthábhachtach sin. Ag an leibhéal réigiúnach agus fo-réigiúnach, difháiltigh an Chomhairle roimh fhorbairt bheartas agus chleachtas chartlannaíochta ag go leor údarás áitiúil (agus spreagadh iad ar bhealaí cuí) a bhfuil a gcuid tairfead fíoriachmhar ina bpáirt chomh slán céanna den oidhreacht náisiúnta agus atá na tairfid a choimeádtar ag an leibhéal náisiúnta. Sa chás sin chomh maith, tá buíochas faoi leith tuillte ag obair fhoireann na Cartlainne Náisiúnta, faoin Stiúirthóir, an Dr David Craig - a rinneadh go minic anuas ar ualach trom a gcuid cúram rialta.

Rinne an Chomhairle cúram freisin de shuíomh a cuid oibre i gcomhthéacs níos leithne: is é leas an bheartais agus an chleachtas chartlannaíochta an roinnt is leithne a bheith ar thairbh na gcomhinstiúidí, go mór mhór instiúidí ar na holléin seo. Dá réir sin, tá an Chomhairle den tuairim go mbeidh suntas leanúnach ó thaobh an bheartais chultúrtha ar oileán na hÉireann leis an tionscnamh a raibh sraith thábhachtach cruinnithe idir an Chomhairle agus a leathionann i dTuaisceart Éireann, Oifig Thaifid Phoiblí Thuaisceart Éireann mar thoradh air agus go mbeidh buntáistí suntasacha ag lucht taighde go ginearálta. Tá a leithéid de thionscnamh maidir leis an Oifig Taifead Phoiblí i Kew idir lámha agus bheifí ag súil go mbeadh toradh chomh maith céanna air sin.

## • An Chartlann Náisiúnta: Áitreabh

Níl aon amhras ach gurbh é fógra an Aire ar 30 Nollaig 1997 go dtógfadh Oifig na nOibreacha Phoiblí foirgneamh mór nua don Chartlann Náisiúnta ar chostas mheasta de £13 milliún an rud is mó a tharla le linn théarma na Comhairle seo

Fáiltíodh go mór roimhe sin inár dTuarascáil don bhliain 1997. Tar éis an fhógra sin, tharla tuilleadh nuair a leagadh amach plean nua difhonn leas níos iomláine a bhaint as an suíomh i Sráid an Easpaig le freastal níos fearr ar riachtanais na Cartlainne Náisiúnta. Dífháiltigh an Chomhairle roimh an dara forbairt sin chomh maith.

I lár na bliana 2001 cheadaigh an Roinn Airgeadais an leasú a beartaíodh ar an gcéad plean forbartha, ach a ndéanfaí an rogha maidir le Comhpháirtíocht Phoiblí/Phríobháideach a mheas. Feictear go bhfeabhsódh an mórthionscnamh seo na háiseanna do lucht úsáidte na Cartlainne Náisiúnta agus, go háirithe, leigheasfadh sé na fadhbanna spáis a chuir bac leis na blianta ar aistriú stuama, tráthúil na dtaifead ó Ranna Rialtais, agus a théann i gcoinne lánfhorbairt na Cartlainne Náisiúnta mar fhoras cultúir náisiúnta.

Níl aon dearcadh maidir le tuilleanas Chomhpháirtíochta Phoiblí/Phríobháidí curtha in iúl ag an gComhairle ach táthar in imní ar fhaitíos go gcuirfeadh measúnú an rogha seo aon mhoill bhreise nó aon mhoill inseachanta ar sholáthar chóiríocht stórála, spás do sheirbhísí poiblí agus cifigí oiriúnacha don fhoireann don Chartlann Náisiúnta mar tá géarghá aici leo.

Cuireann sé le himní na Comhairle maidir leis seo gur cuireadh moill cheana ar lánbhuntáiste a bhaint as suíomh Shráid an Easpaig trí mheas a dhéanamh ar an gceist an mbeadh an Chartlann Náisiúnta oiriúnach le haghaidh dilárnaithe. Is údar

### AN PEAR BRÉIGE



"Cé hé tusa agus cad tá tú a déanamh anseo?"

Sin í an ceist atá an cailín a cur ar an bpear so.

Ac ní féidir leis an bpear freagraó a tabairt uirthi.

Pear bréige iseaó é.

As an mbaile mór iseaó an cailín agus ní feaca sí rud dá leicéid sin hiam céana.

Beid scéal aici le hinnsint anois.

EDUCATIONAL COPY

díomá anois don Chomhairle seo a fheiceáil di gur cosúil go dtiocfaidh deireadh lena tréimhse cúig bliana gan aon dul chun cinn suntasach praiticiúil a bheith déanta maidir le teacht le riachtanais chóiríochta na Cartlainne Náisiúnta - riachtanais ar dúradh ar cheapadh na Comhairle seo sa bhliain 1997 iad a bheith 'práinneach'. Ní mór cinntí críochnúla a dhéanamh anois ar bhonn práinne.

Tá áthas ar an gComhairle ina dhiaidh sin féin a thuairisciú go bhfuil tús leis an obair chun seomra léitheoireachta breise agus saoráidí teagmhasacha a chur ar fáil i Sráid an Easpaig, rud a chuirfidh leis na seirbhísí atá ar fáil don lucht úsáidte.

## ● An Chartlann Náisiúnta: Acmhainní Daonna

Tá a gcuid gairmiúlachta agus inniúlachta ina réimsí saothair féin léirithe go minic ag foireann na Cartlainne Náisiúnta sa bhliain atá faoi chaibicil agus sin go minic faoi chúinsí achrannacha. Mar a háitíodh roimhe seo i dTuarascálacha ón gComhairle seo, níl sna hacmhainní foirne atá ann faoi láthair ach íosleibhéal an fhreastail ba chóir ar riachtanais fhoras chultúir náisiúnta ag an leibhéal seo agus is é tuairim na Comhairle gur chóir an leibhéal fostaíochta gairmiúil a bheith faoi athbhreithniú seasta.

Sa chomhthéacs sin, fáiltíonn an Chomhairle go háirithe roimh roinnt cinntí a rinneadh le tamall, go mór mhór socrúithe maidir le cruthú roinnt post agus maidir le grádanna. Tá breis sonraí maidir leis na hathruithe sin i dTuarascáil an Stiúrthóra. Ó tharla an ganntan cartlainnaíthe cáilithe a bhí ina bhac ar mhéadú na foirne gairmiúla go dtí le gairid leigheasta a bheag nó a mhór anois, táthar ag súil go gcuirfear leis an toradh buntáisteach a bhí ar an atheagar inmheánach tábhachtach le gairid trí bhreis earcaithe ionas go mbeidh éifeacht phraiticiúil ag gach leibhéal ar fud na heagraíochta leis an roinnt ar chúraim a bhain leis an atheagar.

## ● An Chartlann Náisiúnta: Seirbhísí Léitheora

Tarraingíodh aird na Comhairle ar roinnt gnéithe díolbrú na Cartlainne Náisiúnta mar a bhaineann siad lena pobail sheachtracha le cúig bhliana anuas agus tá an Chomhairle den tuairim gur ceart tagairt do chuid acu anois ionas gur féidir leis an gComhairle chomharbachta, agus le bainistíocht na Cartlainne Náisiúnta féin, iad a chur ar an gclár oibre leanúnach.

Na huairé oscaillte an cheist is mó ina measc gan aon amhras, rud a tarraingíodh anuas sa chéad tuarascáil uainn cúig bhliana ó shin. Níor tugadh faoin gceist sin go fóill agus is bac mór é sin ar léitheoirí. Nuair a chuirtear san áireamh tábhacht na Cartlainne Náisiúnta mar stór náisiúnta ábhar cartlainne agus go leor taighdeoirí agus úsáideoirí a bheith fostaithe go lánaimseartha gan mórán ama saor acu don taighde dírithe, is sciléir go bhfuil gá le huairé oscaillte níos faide nó níos leata amach ionas go mbeidh fáil níos fearr ar acmhainní tábhachtacha na Cartlainne Náisiúnta. Cé go n-aithníonn an Chomhairle go mbeidh impleachtaí acmhainne le hathruithe dá leithéid, moltar go dtugtar go práinneach faoi sholáthar na n-acmhainní breise is gá agus faoin atheagar a rachadh leis na hathruithe.

Maolóidh soláthar an tSeomra Tagartha nua go gairid roinnt de na fadhbanna seo ach ní leigheas iomlán é sin ar na fadhbanna maidir le rochtain atá tugtha chun aire na Comhairle. Bífhéidir go bhféadfaí cuid de na hacmhainní breise is gá a shaothrú ó shiopa sainiúil a difhorbrófaí laistigh den fhoirgneamh ina ndíolfaí tairgí bunaithe ar ábhar cartlainne agus ginealaigh.

Réimse eile ar cúis áthais don Chomhairle a fheiceáil go bhfuil obair ullmhúcháin tábhachtach déanta maidir leis is ea deiseanna aimsithe. Cuirfidh comhordú agus - faoi dheireadh - digitú na ndeiseanna aimsithe go mór le hinúsáidte na Cartlainne Náisiúnta ag a lucht úsáidte chomh maith le maolú a dhéanamh ar an ualach suntasach a chuirtear go rialta ar an bhfoireann ag úsáideoirí nach bhfuil cleachtadh acu ar na deiseanna aimsithe atá ann faoi láthair. Measann an Chomhairle gur cheart tús áite a thabhairt díobair dá leithéid, agus acmhainní breise a chur ar fáil más gá, mura bhfuil croílár na hoibre ag an bhfoireann chartlainnaíochta atá ann faoi láthair le hidú tuilleadh ag an ngá seasta atá le laigí na gcórais eolais a leigheas arís agus arís eile ag pointe a n-úsáidte.

Tá tagtha in iúl don Chomhairle go bhfuil Grúpa Léitheoirí neamhfhoirmiúil tagtha chun cinn ina bhfuil úsáideoirí rialta de chuid na Cartlainne Náisiúnta. Fáiltíonn an Chomhairle roimhe sin agus meastar go bhféadfadh a leithéid de ghrúpa, arna struchtúru go cuí, páirt fhiúntach a bheith aige san am atá romhainn. Déantar tuilleadh tagartha do dheiseanna sa réimse sin thíos.

Sa chomhthéacs céanna, tá fáiltithe ag an gComhairle roimh thionscnamh de chuid fhoireann bhainistíochta na Cartlainne Náisiúnta suirbhé a dhéanamh ar thuairimí na léitheoirí. Is céim tábhachtach a leithéid de shuirbhé i mbunú caidrimh iomlán, fiúntach idir riachtanais agus suimeanna an lucht úsáidte agus tosaíochtaí gairmiúla agus institiúide na Cartlainne Náisiúnta. Tá súil ag an gComhairle go gcuirfear torthaí na suirbhéireachta seo, nuair a bheidh siad ullmhaithe, ar fáil don Chomhairle nua, agus


go mbeidh siad ina gcuid thábhachtach de chúir na plé ag an gComhairle sin.

Bhí comhaltai de chuid na Comhairle i láthair i mí na Samhna 2001 nuair a sheol an cathaoirleach, an Dr Margaret MacCurtain, foilseachán tábhachtach de chuid na Cartlainne Náisiúnta *Lovers of Liberty? Local Government in 20th Century Ireland*, ama chur in eagar ag Catriona Crowe agus Diarmaid Ferriter, i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath. Ba mhaith leis an gComhairle agus i ag fáiltiú roimh an bhfoilseachán sin, béim a leagan ar an tábhacht leanúnach a bhaineann le foilseacháin scolártha sa réimse seo ó bhaill foirne de chuid na Cartlainne Náisiúnta agus ó úsáideoiri na mbaillúchán náisiúnta.

## ● An Chartlann Náisiúnta: Leasú Reachtaíochta

1. Measann an Chomhairle go bhfuil gá an reachtaíocht a bhaineann le cartlainnaíocht a thabhairt bord ar bhord leis an aimsir. Tá athbhreithniú ar an Acht Rialtais Áitiúil, 1994, an tAcht Cuanta, 1994 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 i gceist ansin chomh maith le hathbhreithniú ar an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.

Tá rochtain faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar thaifid ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí eile ag an bpobal chomh maith le fáil ag an té a bhfuil tionchar acu air/uirthi ar thaifid phearsanta. Tá an Coimisinéir Faisnéise ann ar féidir achomharc a dhéanamh leis má bhítear míshásta le cinneadh ag roinn rialtais nó comhlacht poiblí eile maidir le teacht ar thaifid faoin Acht. Tá an tAcht éagsúil le reachtaíocht dá leithéid i dtíortha eile sa mhéid is nach bhfuil fáil ag an bpobal ar chóipeanna de thaifid a cruthaíodh sular tháinig an tAcht i bhfeidhm sa bhliain 1998. Dúirt an tAire ar a raibh cúram na reachtaíochta agus díospóireacht ar siúl maidir léi san Oireachtas go dteannófaí siar an dáta óna mbeadh taifid ar fáil de réir mar a cheadódh acmhainní sin. Cúig bhliana dár gcionn, níl aon ní déanta maidir leis sin. Chuideodh rochtain níos fearr ar thaifid a cruthaíodh roimh 1998 leis an taighde staire ar an tréimhse atá imithe tharainn le gairid. Is iomrallach an cás ina bhfuiltear agus fáil ar thaifid atá os cionn tríocha bliain diaois faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, fáil orthu sin a cruthaíodh ó 1998 ar fáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus gan fáil ar bith orthu siúd a bhaineann leis na blianta idir an dá linn. Measann an Chomhairle freisin gurbh oiriúnach an rud cóipeanna de na taifid a chuirtear ar fáil do bhaill an phobail faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 a lóisteáil sa Chartlann Náisiúnta ionas gur fusa a bheadh fáil orthu lena



documentary evidence that he used Collings out of the C  
 him into a chocolate soldier with the grandiloquent I  
 to Chief. He urged Collings to get into uniform, to  
 to get into uniform, to get into uniform, to get into uniform,

scrúdú go ginearálta.

Ag eascairt as an Acht um Shaoráil Faisnéise, táthar sa chás nach ceadmhach taifid phoiblí iar-1998 a choinneáil siar ach amháin i gcás imthosca mionsainithe agus sin faoi réir ag athbhreithniú neamhspleách ag an gCoimisinéir Eolais. Measann an Chomhairle gur chóir leasú a dhéanamh ar an Acht um Chartlann Náisiúnta leis an gcóras sin a chur i bhfeidhm i gcás na dtaifead réamh-1998. Níl aon chiall le cás inar gá cúinsí dochta a shású le coinneáil siar thairfead a cruthaíodh ó 1998 i leith a mhaithreamh agus é faoi réir ag achomharc ag an gCoimisinéir Eolais agus gan a leithéid de chóras ann do thairfid a cruthaíodh roimhe sin.

- Is gá an ceangal idir an reachtaíocht maidir le Saoráil Faisnéise agus an Chartlann Náisiúnta a oibriú amach ar bhealach níos staidéaraí agus níos loighiciúla ná mar atá faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair. Is gá aon éagsúlacht maidir leis na cineálacha thairfead a thagann faoin dá Acht a scrúdú agus a chosaint. Ní mór machnamh a dhéanamh ar cheart go gcuirfeadh an cosc ar scaoileadh thairfead áirithe ag nó faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise cosc ar a scaoileadh faoin Acht um Chartlann Náisiúnta chomh maith. Cé go mbífeidir cuma na loighice air sin, níl aird ann ar fhirinne an cháis go bhfeadfadh nach mbeadh mórán éifeachta oiread sin blianta dár gcionn leis na cúiseanna atá le thairfid a choinneáil siar faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.
- Níl aistriú na dtaifead roinne go dtí an Chartlann Náisiúnta ar mhaithe le scrúdú poiblí de réir alt 8 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 sásúil. Is mar gheall ar theip roinnt ranna a cuid dualgas dlíthiúla faoin Acht um Chartlann Náisiúnta a chomhlíonadh é seo. Is scannal é nuair nach gcomhlíonann an rialtas an dlí agus measann an Chomhairle gur gá an reachtaíocht a leasú leis sin a sheachaint. Chabhródh cruthú post reachtúil chartlannaí roinne a mbeadh údarás aige/aici agus cúram air/uirthi a chinntiú go gcoinn an roinn leis an dlí. Faoi láthair, tá Oifigeach Deimhnithe ag gach roinn nach dtéann a c(h)uid feidhmeanna thar scrúdú na dtaifead atá le haistriú chuig an gChartlann Náisiúnta faoin riall 30 bliain. Is den riachtanas é go mbeadh córas ceart maidir le deimhniú thairfead ar mian leis an roinn nó a cuid oifigeach iad a scríos mar chuid de dheabhainistiú agus deachúram thairfead agus bheadh sin ar cheann de phríomhchúraim an chartlannaí roinne atáthar a mholadh. Chuideodh ceapadh chartlannaí roinne a díobreodh go dlúth leis an gChartlann Náisiúnta maidir le bunú córais aontaithe díastríú thairfead (go háirithe na thairfid agus na hinnéacs a bheadh le haistriú níos minicí anois i bhfoirm dhigiteach) le tabhairt faoin gcás ina bhfuiltear agus cruthú roinnt de na ranna maidir lena ndualgas aistrithe thairfead mírialta.
- Is gá athbhreithniú a dhéanamh freisin ar an bpróiseas trinar

féidir thairfid a dheimhniú faoi alt 8 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus iad a shaoradh dá réir óna scaoileadh. Ní mór fiafraí ar cheart thairfid a choinneáil siar ar an mbunús go mbíonn siad in úsáid sa roinn go rialta nó go dteastaíonn siad ar mhaithe le riaradh na roinne nuair atá fáil chomh réidh ar dheiseanna fótócháipeála. Is den aimhrialacht é nach bhfuil aon ghá cead chuige seo a fháil ó oifigeach údaraithe i Roinn an Taoisigh nuair atá i gcásanna eile go bhfuil thairfid á gcoinneáil siar. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar na cúiseanna eile ar ar féidir thairfid a choinneáil siar i bhfianaise an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997. Teastaíonn soiléiriú maidir leis na sonraí is gá a thabhairt i dtaobh thairfead atá á gcoinneáil siar agus roinnt an chúraim idir na ranna agus Stiúrthóir na Cartlaine Náisiúnta i gcás thairfead a aistrítear le cur i dtaisce sa Chartlann Náisiúnta cé go bhfuil siad deimhnithe ionas nach bhfuil siad ar fáil ag an bpobal lena scrúdú.

- Measann an Chomhairle freisin nár dhochar smaoineamh ar ombudsman a cheapadh do dhaoine ar mian leo gearán foirmiúil a dhéanamh maidir le seirbhísí na Cartlaine Náisiúnta.

## ● Thairfid chomhlachtaí nach Ranna Stáit iad

Is é tuairim láidir na Comhairle gur cheart forálacha an Achta um Chartlann Náisiúnta faoina bhfuil nochtadh thairfead sainordaitheach a leathnú go mbeadh feidhm leo chomh maith i gcás csuideachtaí tráchtála leathStáit agus comhlachtaí poiblí a bunaíodh ó tháinig Acht um Chartlann Náisiúnta i bhfeidhm. I measc na gcomhlachtaí a bheadh san áireamh bheadh, mar shampla, Údarás Duga Bhaile Átha Cliath, an Bord um Athrú chun an Euro, An Ghníomhaireacht Maoinithe Tithíochta agus an tSeirbhís Fuilaistrithe. Ba mhaith an treoir an sceideal comhlachtaí a thagann faoin Acht um Shaoráil Faisnéise maidir leis an ábhar seo.

Maidir le comhlachtaí tráchtála leathStáit, agus go háirithe na cinn a bhfuil i gceist iad a phríobháidiú, tá an t-ábhar buartha curtha in iúl ag an gComhairle don Aire cheana féin. Tá práinn i gcónaí leis an gcás agus is é dearcadh na Comhairle maidir leis gur chóir córas cuí a bheith mar chuid diacon reachtaíocht phríobháidithe a dhéanfadh soláthar áirithe trína gcuirfí cuid den teacht isteach ón bpríobháidiú i dtreo dheachúram agus dheabhainistiú thairfead na gcomhlachtaí atá i gceist ar bhealach cuí.

Tuigeann an Chomhairle, áfach, go bhfuil roinnt de na nithe sin nach dtagann faoi obair na Comhairle féin ná go deimhin faoi fhorálacha reachtúla Acht na bliana 1986 agus go bhfuil roinnt

ranna rialtais eile agus reachtaíocht eile (tá an tAcht um Chosanta Sonraí 1987, an tAcht Rialtais Áitiúil 1994 agus an tAcht Cuarta 1996 ina measc chomh maith leis an Acht um Shaoráil Faisnéise). Dá réir sin meastar go gcabhródh bunú choiste eadar-rannach go luath a thionscnódh an staidéar is gá ar an réimse sin, le comhordú, agus i ndeireadh na dála, le rith na bhforálacha leasaithe a mheastar a theastaíonn.

## ● Cartlanna Údarás Áitiúil

Tá feabhas suntasach ar an gcás maidir le cartlanna údarás áitiúil ó thosaigh ré na Comhairle seo. Tá cartlannaithe cáiliúla fostaíthe ag go leor údarás áitiúil le tabhairt faoin obair - saothar trom ach an-fhiúntach - a bhaineann leis an gcaomhnú nach bhfuil déanta agus le bunú polasaithe taifead inoibríthe. Cé nach bhfuil aon ról díreach ag an gComhairle sa chás, tá dílheidhm reachtúil aici comhairle a chur ar an Foinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil maidir le cúrsaí cartlannaíochta. Sa chomhthéacs sin, fáiltítear roimh bhunú Ghrúpa Cartlannaithe Údarás Áitiúil le gairid agus páirt an ghrúpa sin, in éineacht le daoine nach iad, in ullmhú polasaí caomhnaithe náisiúnta do thairfid údarás áitiúil.

Is é tuairim na Comhairle gur gá a leithéid de pholasaí a bhunú go daingean i straitéis chultúir agus oidhreacht; gur cheart leas a bhaint as an líon méadaithe cartlannaithe cáiliúla atá ar fáil chun na hoibre sin anois; gur cheart an lánataíocht chúil, maidir le tréimhsí na gconarthaí agus an leibhéal tuarastail, a thabhairt dífhostú a leithéidí de chartlannaithe taobh istigh de chreatlach foirme na n-údarás áitiúil; agus gur cheart do na húdaráis chúil díriú go dearfach ar na himpleachtaí acmhainne, idir chaipitil agus reatha, a bhaineann leis an obair fhíorthébhachtach sin.

## ● Ginearálta

Ba mhaith leis an gComhairle chomh maith a chur in iúl go bhfuil agus go mbeidh an taithí atá ag na comhaltaí tar éis na gcúig bliana seo caite ar fáil don Aire ar aon bhealach a mheasann an tAire a bheith oiriúnach. Moltar freisin, i gcomhthéacs na fáilte a chuirtear roimh an nGrúpa Léitheoirí atá beartaithe a bhunú mar eagras deonach, go measfaí an bhféadfaí ionadaí óna leithéid déagraíocht, nuair atá sí bunaithe ar bhonn seasmhach, a cheapadh mar chomhalta ar Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta san am atá romhainn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith leis an gComhairle a chur in iúl go meastar go gcuirí go mór lena héifeacht mar Chomhairle dá soláthrófaí cóiríocht bhuan réasúnta beag agus dá ndáilfí ar bhonn lánaimseartha nó ar bhonn páirtaimseartha cinnte, an tacaíocht riaracháin is gá le cur chun cinn a cuid tionscnamh agus baint amach a cuid aicmeanna a chinntiú.





# AGUISÍN

## An Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta

### COMHALTAS AGUS RÚNAÍ

Cathaoirleach agus aon chomhalta dhéag eile ar a mhéad atá ar an gComhairle. Ceapadh an Chomhairle reatha ar an 20 Bealtaine 1997 ar feadh téarma cúig bliana.

#### **Margaret MacCurtain, M.A., Ph.D., F.R.H.S.**

Cathaoirleach. Staráí; Comhalta Sinsearach, Dámh na nDán, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

#### **Niall Bradley, B.A.**

Bainisteoir Contae Chill Dara.

#### **Mary E. Daly, M.A., D. Phil., M.R.I.A**

Ollamh Comhlachaithe le Nua-Stair na hÉireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; comhalta de Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann; comhalta de Bhord Cuairteoirí Ard-Mhúsaem na hÉireann.

#### **John Horgan, Ph.D**

Ollamh le hIriseoireacht, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; údar.

#### **Liam Irwin, M.A., H. Dip. Ed.**

Ceann na Roinne Staire, Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh.

#### **Charles Lysaght, M.A., M.Litt., B.L.**

Dlíodóir acadúil agus scríbhneoir.

#### **Patricia McCarthy, B.A., D.A.A.**

Cartlannaí, Institiúid Chartlannaíochta Chorcaí; comhalta de Chumann na gCartlannaithe.

#### **Susan Parkes, M.A., M.Litt., F.T.C.D.**

Iar-Léachtóir Sinsearach le hOideachas, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; staraí oideachais.

#### **Peter Rigney**

Oifigeach Tionscail, Comhar Ceardchumann na hÉireann; staraí saothair.

#### **David Sheehy, B.A., D.A.A.**

Cartlannaí, Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath; comhalta de Chumann na gCartlannaithe.

#### **Anngret Simms, Ph.D., M.R.I.A.**

Ollamh Comhlachaithe le Tíreolaíocht, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; comhalta de Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.

#### **John Wilson, M.A., H. Dip. Ed.**


Iar-Thánaiste agus iar-Aire.

### RÚNAÍ NA COMHAIRLE

#### **Joseph Meleady**

An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán.

Laid Down by a Scale of forty pearches to an Inch 999/187/25



**A** Map of the Land of Baun Ballenlough, held by M<sup>r</sup> Bryan  
 Feily Containing Three hundred & fifty one Acres Three Roods & Twenty five  
 Pearches plantation measure, a true Survey according to the Bounds shew'd me  
 Witness my hand This 7<sup>th</sup> day of June 1723 J<sup>n</sup> Fitzpatrick

The smaller  
 enclosed  
 contains  
 180 5 22  
 281 0 2  
 351 5 25

999/187/25:  
 Léarscáil de Thalamh Bán Bhaile  
 an Locha [Co. Chill Chainnigh] a  
 bhí i seilbh an Uasal, Bryan Reily  
 ... "a true Survey according to  
 the Bounds shew'd me." Jo  
 Fitzpatrick, 7 Meitheamh 1723.

# INNÉACS

## A

- Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, 8
- Acmhainní daonna, 12
- Airgeadais, an Roinn, 11
- Aistriú taifid, 14
- An Bord um Athrú chun an Euro, 14
- An Chartlann Náisiúnta, Sráid an Easpaig  
acmhainní daonna, 12  
riachtanais fhisiciúla, 11-12, 15  
seirbhísí léitheora, 12-14
- An Chomhairle, PRONI, 8, 10
- An Chomhairle Oidhreachta, 9
- An Comisinéir Faisnéise, 14
- An Ghníomhaireacht Aigeadais do Thithe, 14
- An Leabharlann Náisiúnta, 10
- An tAcht Cuanta, 1996, 13, 15
- An tAcht Rialtais Áitiúil, 1994, 13, 15
- An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986, 7, 14  
Athbhreithniú ar, 8, 13, 14
- An tAcht um Chosaint Sonraí, 1987, 14-15
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997, 10, 15  
athbhreithniú, 13-14

## B

- Biúró na Staire Míleata, 9

## C

- Carlann Mhíleata, 8, 9, 10
- Carlanna Údarás Áitiúil, 15
- Carlannaí roinne, 14
- Coimisinéirí Ioncaim, ag castáil leis na, 10
- Coinbhinsiún Tábhachtach Cultúir, AE, 9
- Comhairle an Lord Chancellor ar Thaid Phoiblí,  
8, 10
- Comhairle um an gCarlann Náisiúnta,  
comhaltas, 16  
liosta de chruinnithe, 8  
athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí, 10-15
- Comhlachtaí leathstáit, 14
- Comhpháirtíocht Phoiblí/Phríobháideach, 11
- Comhshaoil agus Rialtas Áitiúil, An Roinn, 15
- Cosanta, An Roinn, 9
- Craig, An Dr David, 10
- Crowe, Catriona, 13

## D

- Deiseanna aimsithe, 12
- dilárú, 11
- Dún Uí Choileáin, 9

## E

- Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileáin,  
An Roinn, 8, 10
- earcú, 12

## F

- Ferriter, Diarmaid, 13
- foilseacháin, 13
- Furlong, Philip, 8

## G

- Grúpa Cartlannaithe Údarás Áitiúil, 15
- Grúpa Léitheoirí, 12, 15

## L

- Laing, Ceannfort Victor, 8, 9
- Leasú reachtaíochta, 13-14
- Lysaght, Charles, 10

## M

- MacCurtain, An Dr Margaret, 10
- McGimpsey, Michael MLA, 10
- Molloy, Ed, 8

## O

- Oifig na dTaifead Poiblí i dTuaisceart Éireann  
(PRONI), 8, 10, 11
- Oifig na dTaifead Poiblí, Kew, 8, 10, 11
- Oifig na nOibreacha Poiblí, 11
- ombudsman, 14

## P

- Phillips, Lord, Master of the Rolls, 10
- Polasaí cartlainne, 10
- príobháidíú, 14

## S

- Scéim Diolúine d'Ealaíontóirí, 10
- Seimineár pleanála straitéiseach, 8
- Seirbhís Fulaistriúcháin, 14
- Seirbhísí léitheora, 12-13
- Slater, An Dr Gerry, 8, 10

## T

- Taifid deimhnithe, 14
- Taispeántas maidir le hAcht an Aontais, 8, 10
- Taoisigh, Roinn an, 14
- Thomas, An Dr David, 10
- Tyacke, Mrs Sarah, 10

## U

- uaire oscailte, 12
- Údarás Dugthailte Bhaile Átha Cliath, 14